AG FREAGAIRT DO DHINIMIC AN ATHRAITHE

07 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

The Property Registration Authority
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Ár Misean

Frámaíocht dhlíthiúil, shochaíoch agus eacnamaíoch na húinéireachta maoine in Éirinn a chothú agus a chosaint.

Bainfear é seo amach ach córas iontaofa um chlárúchán teidil a chothú agus a shíneadh, rud a ráthaíonn cearta maoine agus a éascaíonn idirbhearta maoine.



An Clár

Misean agus Luachanna	2
Réamhfhocal le Cathaoirleach an Údaráis Chlárúcháin Maoine	4
Forbhreathnú an Phíomhfheidhmeannaigh	6
Athbhreithniú ar an mbliain	9
Tuarascáil Airgeadais	13
Rialachas	15
Mórthionscnaimh	16
Treoracha Cleachtais	19
Acmhainní Foirne	20
Comhpháirtíocht	21
Trí chéad bliain Chlárlann na nGníomhas	22
Naisc Idirnáisiúnta	24
Cairt do Chustaiméirí	26
Scrúdan Seachtrach	27
Cuarteoirí agus Seimineáir	29
Dámhachtana	30
Aguisín	31

Misean agus Luachanna

Is é Misean an Údaráis Chlárúcháin Maoine:

Frámaíocht dhlíthiúil, shochaíoch agus eacnamaíoch na húinéireachta maoine in Éirinn a chothú agus a chosaint. Bainfear é seo amach ach córas iontaofa um chlárúchán teidil a chothú agus a shíneadh, rud a ráthaíonn cearta maoine agus a éascaíonn idirbhearta maoine.

Baill den Údarás Clárúcháin Maoine

Gerry McCaughey
Cathaoirleach

Emer Daly

Brid Carter

John Shaw

Michael Cahill

Michael Edwards

Michael Kelly

Roderick Tyrrell

Una Woods

Marie Whelan

Seamus Carroll

Déanfaidh an tÚdarás Clárúcháin Maoine a ghnó a stiúradh ag cloí leis na luachanna seo a leanas:

Seirbhísí dár gCustaiméirí

Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine tiomanta do sheirbhís den chéad scoth a sholáthar dá chustaiméirí, ar seirbhís í atá éasca a úsáid trí mheáin éagsúla

Leas an Phobail

Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine tiomanta do chur i ngníomh a fheidhmeanna ar mhaithe le leas an phobail ar bhealach oscailte trédhearcach.

Tiomantas don Fhoireann

Is mór ag an Údarás Clárúcháin Maoine díograis a fhoirne agus tá an tÚdarás tiomanta do thacú leis an bhfoireann sin i soláthar seirbhíse den chéad scoth dá chustaiméirí agus i bhforbairt a ngairmeacha laistigh den eagraíocht.

Rialachas agus luach ar airgead

Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine tiomanta do chloí le dea-rialachas, le hionracas, agus le stiúradh a ghnó ar bhealach costéifeachtach.

Comhairliúchán

Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine tiomanta don chomhairliúchán lena pháirtithe leasmhara ina fhorbairt leanúnach agus ina sholáthar seirbhísí.

An Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta

Seasta ó chlé go deas – Brian Kelly, John Deeney, Diarmuid Clancy, Michael Treacy, Frank Treacy, John O'Sullivan
Suite ó chlé go deas – Fran Leahy, Catherine Treacy, Paul Brent.

Réamhfhocal le Cathaoirleach an Údaráis Chlárúcháin Maoine

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Clárúcháin Maoine (ÚCM) do 2007 a chur i láthair. Cé gurb é seo an dara ceann ó bunaíodh an ÚCM i Samhain 2006, is é céad Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis é do bhliain iomlán.

Bliain inar baineadh amach mórán nithe suntasacha ab ea 2007 don ÚCM.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i dTionscadal uaillmhianach na Mapála Digití a bhuaigh 'An Tionscadal is Fearr' i gcatagóir 'ó Rialtas go Gnó' ag searmanas na nDámhachtainí Laistigh den Rialtas in Aibreán 2007. Dúrthas gurbh é chuspóir an dámhachtana seo ná aitheantas a thabhairt do "foirfeacht agus cruthaíocht i bhfeidhmiúchán tionscnamh teicneolaíochta cumarsáide ceannródaíochta ar fud na hearnála poiblí in Éirinn."

Fuair an ÚCM an áirithe sin dámhachtainí eile i rith na bliana as feabhas seachadadh a chuid tionscadal nuálacha TF, ina measc an "Dámhachtain BT spreagtha", a aithníonn eagraíochtaí a léirigh cruthú luacha gnó trí úsáid Teicneolaíochta Cumarsáide Faisnéise."

Léiríonn na dámhachtainí seo an dianobair, an tiomantas agus díograis na foirne uile san eagraíocht d'fheidhmiú éifeachtach chlár nua-aoisithe an ÚCM.

Ar leibhéal na hEorpa tháinig an ÚCM chun a bheith ina sholáthróir gníomhach seirbhíse don Seirbhís Eolais Talún na hEorpa (EULIS) trínar féidir lenár gcustaiméirí landdirect.ie feidhm a bhaint as seirbhísí ar-líne atá ar tairiscint ag Clárlanna eile rannpháirteacha Eorpacha agus a mhalairt sin cruinn.

Dob áthas liom a bheith rannpháirteach sa "Chomhdháil Domhanda Clárúcháin" a ndearna an ÚCM óstaíocht uirthi i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair, ar éirigh thar na bearta leis agus ar fhreastail toscairí air ó bhreis is 50 dlínse ar fud an domhain. Thar ceann an Údaráis, ba mhaith liom tréaslú leis an bhfoireann a bhí rannpháirteach in eagrú na sár-ócáide seo.

Tá tiomantas an ÚCM d'fheidhmiúchán tionscnaimh an Rialtais léirithe sa tuarascáil seo. I rith 2007, ar lorg chláir fhairsing comhairliúcháin agus comhoibriúcháin lenár bpáirtithe leasmhara, rinneadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt samhail e-Scaoilte a bheidh ina chéad chéim de chlár e-Chlárúcháin an ÚCM. Tá seo ag teacht le forbairt chórais e-Thíolacadh faoi réir ag polasaí an Rialtais.

RÉAMHFHOCAL LE CATHAOIRLEACH AN ÚDARÁIS CHLÁRÚCHÁIN MAOINE

Tá cur chin cinn á dhéanamh chomh maith ag an ÚCM ar cheann dá shainorduithe reachtúla le "cur chun cinn agus leathadh a dhéanamh ar chlárúchán úinéireachta talún." Táimid ag dúil le tacaíocht ón Ollchumann Dlí i mbaint amach na sprice seo, atá ina chéim riachtanach ar an mbealach go e-Thíolacadh.

Leanadh de sheachadadh seirbhísí éifeachtacha dár gcustaiméirí mar ardthosaíocht don ÚCM i gcaitheamh na bliana. Sonraíonn an tuarascáil seo an fás leanúnach ar leibhéal gníomhaíochta an ÚCM i rith 2007.

Is féidir an rath atá ar ár seirbhís ar-líne landdirect.ie mheas go soiléir ón méadú ar leibhéal úsáide na seirbhíse seo i rith 2007 . Mhéadaigh leibhéal na n-idirbheart ó 2.1 milliún in 2006 go 3 milliún in 2007 rud atá ina léiriú ar chaighdeán agus leibhéal na seirbhísí atá ar fáil anois dár gcustaiméirí ar-líne.

Bhí an leibhéal fáis nár tharla a leithéid riamh cheana ar iarratais a lóisteáladh chun clárúcháin i rith 2007 ina dhúshlán nár bheag don ÚCM. Chinntigh freagracht agus díograis na foirne ar a shon sin, gur lean clár nua-aoisithe agus cur chun cinn tionscnaimh an Rialtais ar aghaidh ar luas. Tá céad Phlean Straitéiseach an ÚCM, a fuair faomhadh an Aire i mí na Nollag, ina léiriú ar na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha síos le seachadadh seirbhíse éifeachtaí a chinntiú.

Níl sa laghdú ar líon na gcríochnaithe tithe nua, atá tuartha do 2008, ina léiriú ach ar eilimint amháin de ghníomhaíocht an ÚCM. D'fhás stoc tithíochta amháin na hÉireann ó 1.2 m. in 1995 go 1.9 m. ag deireadh 2007 agus beidh idirbhearta maoine breise ann de thoradh an bhunachair sonraí méadaithe seo. Meastar go mbeidh éileamh méadaithe ar sheirbhísí an ÚCM, ag éirí as feidhmiúchán an Phlean Forbartha Náisiúnta , a chuimsíonn mórán mórthionscadal iompair agus infreastruchtúir agus ó mhéadú ar chéadchlárúchán éigeantach teideal go bhfuil súil leis chomh maith in 2008 agus ina dhiaidh.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil as díograis agus tiomantas Ms. Catherine Treacy, Príomhfheidhmeannach, Bainisteoireacht agus Foireann an ÚCM. Táim ag súil lena dtacaíocht leanúnach agus le tacaíocht ó mo chomhbhaill den Údarás agus aghaidh á tabhairt againn ar bhaint amach na spriocanna agus na gcuspóirí mar atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach.



Gerard McCaughey CATHAOIRLEACH, AN tÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN MAOINE

Forbhreathnú an Phíomhfheidhmeannaigh

Tráth ceiliúrtha agus dúshláin don eagraíocht ab ea 2007. Ba é an chéad bhliain iomlán de shaol an Údaráis Chlárúcháin Maoine é bliain chomórtha trí chéad bliain ar bhunú Chlárlann na nGníomhas é. Eagraíodh roinnt imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar éirigh go rí-mhaith leo leis an Trí Chéad a cheiliúradh, agus ní maíte ar an eagraíocht agus ar ár bhfoireann a bheith mórálach astu.

Cruthaíodh an féilire dhá bhliain, an diosca digiteach ilúsáide "Ó Chleite go hAois Leictreonach", an stampa comórtha a sheol An Post agus an clár teilifíse "Nationwide" a bheith ina mbealaí sármhaithe leis an ócáid stairiúil seo chomóradh agus thairg siad deis le cion tairbhe luachmhar foirne na gClárlanna don Stát san am faoi láthair agus san am atá caite a admháil.

Gan amhras dob iad an Chomhdháil Trí Chéad i Meán Fómhair, a d'oscail an tAire Brian Lenihan, agus an dinnéar Trí Chéad a tionóladh in éineacht leis an gcomhdháil, agus ag a raibh an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa ina haoi onóra, ina mbuaicphointe ar an gceiliúradh. Sholáthair an chomhdháil agus a bhain léi deis le gnóthachtana san am atá caite a cheiliúradh go maíteach ach, chomh maith leis sin, spreag siad sinn mar eagraíocht le haghaidh a thabhairt ar an todhchaí le huaillmhian agus le misneach.

Ag tógáil ar thionscnamh 2006 le clárúchán éigeantach a leathadh go trí chontae breise, agus ar lorg seoladh rathúil na Mapála Digití, shínigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí, ar chomhairle an ÚCM, ordú ag leathadh clárúcháin éigeantigh go sé chontae eile, ag tabhairt an t-iomlán go dhá chontae dhéag atá clúdaithe anois. Ba chóir é seo a fheiceáil mar thráscaire soiléir ar thiomantas an ÚCM do chlárúchán éigeantach teideal a leathadh don tír ar fad.

In 2007 mhéadaigh líon na n-iarratas ar chlárúchán (déileálacha) a fuair Clárlann na Talún faoi 17,723, nó 7.17%, go hardleibhéal nua de 260,180. Mhéadaigh an iontógáil i gClárlann na nGníomhas chomh maith, faoi 4.51%, go hardleibhéal nua de 100,002. Chun méaduithe den chineál sin a fheiceáil ina gceart is fiú a thabhairt faoi deara go raibh an bhliain 2006 ar an mbliain inar lóisteáladh an líon ba mhó cás go dtí sin. Bhí an cómhéadú oibre sa dá bhliain seo caite ag 22.78% i gClárlann na Talún agus 7.7% i gClárlann na nGníomhas. Tá a dtátail féin le feiceáil sna rátaí eisceachtúla méaduithe sin. Is tuar ag na táscairí agus na tráchtairí suntasacha uile gnó agus eacnamaíochta nach leanfaidh an iontógáil do 2008 ar na leibhéil eiseamala seo. Ar a shon sin, beidh na hidirbhearta breise maoine a thiocfaidh de dhroim

FORBHREATHNÚ AN PHÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

an bhunachair méadaithe sonraí ar theidil chláraithe, feidhmiúchán an Phlean Forbartha Náisiúnta, a chuimsíonn mórán mórthionscadal iompair agus infreastruchtúir agus ó mhéadú ar an iontógáil oibre a éireoidh as leathadh céadchlárúcháin éigeantaigh teideal, ina gcionsiocair le modhanna nua oibre a fhorbairt d'fhonn cothromaíocht a dhéanamh idir iontógáil agus aschur agus soláthróidh sársheirbhís dár gcustaiméirí.

Scothshampla de rathúlacht ar a leithéidí d'fhorbartha agus de chur chuige nuálaíoch an ÚCM d'úsáid na teicneolaíochta is ea ár dtionscadal Mapála Digití. Sholáthair Tuarascáil Bhliantúil 2006 mioninsint ar chríochnú rathúil Céim 1 den tionscadal uaillmhianach seo. Is áthas liom a fhógairt anois go bhfuil Céim 2 ar sceideal, agus, agus seo á scríobh, tá teorainneacha cláraithe chontaetha an Longfoirt, na hlarmhí, na Mí, Lú, Chill Mhantáin, Loch Garman, Ceatharlach, Cill Chainnigh agus an Chláir in éineacht le Baile Átha Cliath Theas ar fáil ar-líne anois. Tá fíorfháilte curtha ag ár gcustaiméirí roimh an fhorbairt seo. Cuirfear mórán contae breise leis i rith 2008 agus an tionscadal ag gluaiseacht i dtreo a dháta chríochnaithe sceidealta in 2010.

Rinneadh a thuilleadh dul chun cinn i dtionscadal díláraithe ar chuid d'oibriúchán an ÚCM go baile Ros Comáin. Tá baill áirithe foirne ag obair ann i gcóiríocht shealadach agus tá dul chun cinn déanta maidir le láithreán oiriúnach a fháil agus ar áiseanna a fhorbairt ar bhuanchóiríocht oifige. Níl aon amhras ach go mbeidh toradh fónta ar deireadh ar an mórfhuinneamh atá á chaitheamh ar an tionscadal seo. Dob é dúshlán 2007, áfach, a thionchar ar sheachadadh seirbhísí a mhaolú – rud nár bheag ag cur san áireamh gur earcaíodh geall le 17% d'fhoireann reatha an ÚCM i rith 2007. Leanfaidh an dúshlán seo i rith 2008 agus ina dhiaidh agus an tionscadal á chur chun cinn. Níl aon cheist ach go nglacfaidh sé méid áirithe ama ar bhaill nua na foirne sealbhú a dhéanamh ar leibhéal cuí eolais agus scileanna le teacht in áit na ndaoine a d'fhág an eagraíocht agus ní mór an traschur seo a bhainistiú go cáiréiseach. Toisc a mhéid aschur sásúil atá ar mhórán de na tionscadail ar tugadh fúthu go dtí seo ag foireann an ÚCM, táim deimhnitheach go sárófar an dúshlán seo chomh maith go sásúil.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann uile a rinne a gcion i mbliain eile rathúil don ÚCM agus gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach an tUas. Gerard McCaughey agus baill eile an Údaráis as a gcuid tacaíochta agus treorach i gcaitheamh na bliana. Táim ag súil le leanúint orm ag obair le gach aon duine san ÚCM leis an meanma céanna don chomhthiomantacht i dtreo barr feabhais a chinntigh na haschuir rathúla a bhí ann go dtí seo agus do thógáil a thuilleadh ar na gnóthachtana sin.



Catherine Treacy PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

itris

Athbhreithniú ar an mbliain

Tá an clár leanúnach athraithe agus nuála san Údarás Clárúcháin Maoine ina chúis i gcónaí le feabhas ar cháilíocht na seirbhíse atá ar tairiscint ag an eagraíocht Bhí forbairt agus feidhmiúchán nuachórais ina ghné dár n-imeachtaí le deich mbliana anuas agus leanadh de seo i rith 2007.

Seirbhísí Leictreonacha

Tháinig fás leanúnach ar líon na gníomhaíochta agus ar líon na suibscríobhaithe do landdirect.ie i rith 2007. Faoi dheireadh na bliana bhí leas bainte ag 12,741 suibscríobhaí as 1,129,824 idirbheart táille. Déanadh seachadadh ar éileamh ar bhreis is 80% de na seirbhísí seo agus críochnaíodh formhór mór an choda eile laistigh de 2 lá.

De thoradh na mapála digití a bheith curtha ag feidhmiú agus soláthar na nuasheirbhísí a ghabhann leis, tá ár mbonn custaiméirí méadaithe agus cuimsíonn sé anois líon níos mó ná riamh de ghníomhairí eastáit, ailtirí, innealtóirí agus daoine eile atá rannpháirteach in obair a bhaineann le maoin. Faoi dheireadh 2007 bhí an staid sroichte go raibh geall le 5,000 idirbheart táille á ndéanamh in aghaidh an lae trí landdirect.ie agus soláthraíodh an líon céanna seirbhísí nár gearradh táille orthu.

Rianaíonn an tábla seo a leanas líon iomlán na suibscríobhaithe agus leibhéal méadaithe úsáide ar ár seirbhísí ar-líne ón chéad bhliain iomlán seirbhíse in 2000.

Year	2000		2004	2005	2006	2007
Líon na n-úsáideoirí gairmiúla	1,700		7,500	9,500	10,900	12,741
Líon na n-idirbhearta ar-líne*	0.2 milliún		1.2 milliún	1.7 milliún	2.1 milliún	3 milliún

* Cuimsíonn lion na n-idirbheart ar-líne seirbhísí, idirbhearta agus gníomhaíochtaí táille agus neamhtháille ar bhain ár gcustaiméirí feidhm astu.

Tionscadal na Mapála Digití

Ag leanúint ar fheidhmiúchán rathúil ar Chéim 1 dár dtionscadal na Mapála Digití a theacht chun críche in 2006 agus tús a bheith curtha le Céim 2, tá digitiú na dteorainneacha cláraithe do chontaetha an Longfoirt, na Mí, na hlarmhí, Cheatharlach, Chill Chainnigh, Loch Garman, an Chláir, Lú, agus Chill Mhantáin críochnaithe anois. Go dtí seo bhain seo le 600,000 dáileacht chláraithe agus tá ár dtréchur méadaithe anois go dtí 55,000 dáileacht in aghaidh na míosa, rud a chinnteoidh go gcríochnófar an tionscadal faoi luath in 2010. Nuair a bheidh an tionscadal tugtha chun críche beidh 2.5 éigin milliún dáileacht, comhdhéanta de 16 mhilliún teorainn, ar fáil ar-líne do chustaiméirí.

Thosaigh an clár digite do chontaetha Bhaile Átha Cliath, Ros Comáin agus Shligigh in 2007 agus meastar go gcríochnófar na contaetha sin agus 4 chinn eile, in 2008.



Mapa digiteach ar-líne ÚCM ag léiriú sonraí teorann

Tá seachadadh sonraí nuashuirbhéireachta veicteoirí comhaontaithe le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (SOÉ), rud a áiseoidh dul chun cinn ar an tionscadal seo, agus meastar go gcríochnófar 660,000 dáileacht eile in 2008.

Tá úsáid sonraí agus teicneolaíochtaí mapála digití neadaithe go rathúil sa phróiseas clárúcháin. Déantar próiseáil ar na hiarratais uile ar fho-roinnt agus ar chéadchlárúchán i gcontaetha digitithe anois ag úsáid elimintí Mapála Digití ár Slánchóras Eolais um Chlárú Teidil (ITRIS). Tá cruthú chóipeanna deimhnithe agus mapaí do na réimsí seo uathoibrithe rud a chinntíonn baint amach spriocanna ár gcairt do chustaiméirí.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an tseirbhís landdirect.ie sonraí teorann do na contaetha digitithe agus cuardach mapaí agus áiseanna gaolmhara don tír ar fad. Cumasaíonn an tseirbhís seo custaiméirí le cuardach agus aimsiú a dhéanamh ar mhaoin chláraithe trí úsáid an mhapa dhigitigh agus an bunachar sonraí ar phointí seolta a sholáthraítear trí tháirge Gheo-eolaí an Phoist atá comhtháite le landdirect.ie. Tá sínte eile fós do na seirbhísí mapála pleanáilte do 2008.

Leibhéil Ghníomhaíochta

Clárlann na Talún

Ó seoladh an Slánchóras Eolais um Chlárú Teidil in 1999 agus de thoradh athruithe suntasacha próiseas, tá fás substaintiúil tagtha ar líon na ndéileálacha a chríochnaítear in aghaidh na bliana. In 2007 bhí fás breise ar líon na n-iarratas a lóisteáladh chun clárúcháin i gcomparáid leis an iontógáil do 2006. Bhí suntas ar leith leis seo mar is é an réimse é ina bhfuil 80% éigin dár n-acmhainní á n-úsáid agus is é an ghníomhaíocht am-ídítheach is mó dár gcuid é. Ba dhúshlán mór é lóisteáil 17,723 iarratas, agus ba mhar a chéile é ag leibhéal méadaithe lóisteála i gClárlann na nGníomhas. Mar chuid de thionscadal na mapála digití ba ghá roinnt ball foirne a aistriú ó chás-obair agus athshannadh a dhéanamh orthu d'obair deimhnithe caighdeáin rud a chúisigh laghdú beag ar líon na ndéileálacha a críochnaíodh. Cuimsíonn an clár aistrithe sonraí aistriú agus imréiteach na sonraí teorann ar an maoin chláraithe uile ó mhapaí páipéarbhunaithe go formáid dhigiteach. Clár suntasach agus criticiúil do ghnó é seo ag a bhfuil scála ama ceithre bliana don tionscadal agus i rith 2007 dhearbhaigh an fhoireann caighdeáin 619,141 dáileacht talún ag a raibh 3,735,264 líne teorann. Is léir ó na figiúir seo gur bhain Clárlann na Talún aschuir shuntasacha amach i rith 2007. Tá gnóthachtana suntasacha á nginiúint anois ag tionscadal na mapála digití agus beidh siad seo soiléir i rith 2009 nuair a thosóidh gnóthachtana dá leithéid sin ag sárú na bhforchostas a bhaineann leis an tionscadal

Cé gur mhéadaigh olliomlán na n-iarratas idir lámha i rith 2007, i gcás 62% de na hiarratais a fuarthas, arbh iad sin na cinn a bhí in ord chlárúcháin gan ghá le mapáil, críochnaíodh breis is 90% díobh laistigh de 20 lá oibre. Ionann sin agus feabhsúchán substaintiúil ar bhlianta beaga anuas. Is iad na catagóirí in dtarlaíonn moill ná iad sin inar gá mapáil nó a lóisteáiltear i bhformáid nach bhfuil inghlactha do chlárúchán agus atá faoi réir fhiosruithe. Tá soláthar meicníochtaí nua do chustaiméirí le feidhm a bhaint as seirbhísí mapála agus eolas eile ar-líne cheana féin in chúis le hathrú bunúsach ar an mbealach ina soláthraítear ár gcuid seirbhísí, agus leanfaidh mar sin. Mar atá rianaithe thuas, dearadh ár dtionscadal Mapála Digití le haghaidh a thabhairt ar staid na mapála agus, cé go bhfuil sé fós ar an gcéim thosaigh, tá táscairí mórdhul chun cinn soiléir cheana féin. (Féach freisin Aguisíní 2 & 3 ag deireadh na tuarascála seo).

Clárlann na nGníomhas

Mhéadaigh ar líon na gclárúchán a rinneadh i gClárlann na nGníomhas i rith 2007 faoi 4.51% go 100,002 arbh é an t-ardú ba mhó dár tharla riamh é. D'fhreastail an Chlárlann go breá ar an dúshlán seo agus leanann sí ag cothabháil seirbhíse "cothrom le data".

ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

Baineadh amach sprioc suntasach i Meán Fómhair nuair a críochnaíodh clár gafa sonraí a bhí ar siúl le blianta fada. Chuimsigh an obair seo cruthú innéacsa ar na meabhracháin chun críche cuardaigh a dhéanann áisiú anois ar chuardach leictreonach na dtaifead ón 1ú Eanáir 1970 go data.

Bunchíosanna

Feidhmíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine an Scéim Cheannaigh Bunchíosanna faoin Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2) 1978 faoinar féidir le hÚinéir ar mhaoin léasa a mBunchíosanna (leas ruílse) a cheannach trí chomhthoiliú nó trí phróiseas eadrána. Thosaigh an scéim seo in 1978 agus ó shin i leith, tá a gcuid bunchíosanna ceannaithe ag 78,367 iarratasóir agus tá feo simplí a dtithe cónaithe faighte acu faoin scéim dhílsithe deimhnithe.

D'fheidhmigh an tÚdarás an scéim go rathúil in 2007, bliain inar laghdaigh iontógáil na n-iarratas comhthola 8% [757 i gcomparáid le 826 in 2006] agus inar mhéadaigh an t-aschur ar a leithéid de chásanna 11% [798 i gcomparáid le 718 in 2006]. Tharla méadú 32% chomh maith [ó 749 go 989] san iontógáil ar iarratais eadrána. Ar a shon sin, tháinig feabhas suntasach ar agaí slánúcháin in 2007. Dá thoradh seo, mhéadaigh aschur 23%. Tá mionsonraí ar an ngníomhaíocht in 2007 agus na figiúir inchomparáide do 2005 agus 2006 sa tábla in Aguisín 4.

Suíomh gréasáin

Leanann ár suíomh gréasáin ag fás mar mheicníocht cumarsáide agus mar thairseach faisnéise dár gcustaiméirí go landdirect.ie. Déanadh athdhearadh agus nuashonrú ar an suíomh seo i rith 2007 agus déanadh beoú air luath in 2008. Is féidir luach na seirbhíse seo dár gcustaiméirí a thomhas ar an leibhéal úsáide a bhaintear as, a chuimsíonn:

- Tugadh breis is 2,000,000 cuairt ar an leathanach baile i rith 2007, rud is ionann le méadú 14% ar 2006.
- Déanadh rochtain ar leathanach baile landdirect.ie breis is 1.2 milliún uair, méadú gníomhaíochta 20%.
- Déanadh méadú suntasach gníomhaíochta ar Rannóg na gCeisteanna Coitianta (CCanna) den suíomh breis is 115,000 cuairt.
- Déanadh rochtain ar Threoracha Cleachtais breis is 110,000 uair
- Le linn 2007 leanamar ag cur ábhar trí Ghaeilge leis an suíomh gréasáin agus fuarthas breis is 5,300 amas ar an leathanach baile Gaeilge.

Tuarascáil Airgeadais

Ioncam

Tháinig na táillí a fuair an tÚdarás Clárúcháin Maoine in airgead tirim, seiceanna, stampaí ioncaim etc., go €79.7m in 2007 i comparáid le €78.7m in 2006. Ba mhéadú de €1m nó 1% é seo thar ioncaim 2006. Cuirtear na táillí uile a fhaightear ar ais chuig an Státchiste.

Caiteachas

Rinneadh fíorchaiteachas as Vóta an Údaráis Chlárúcháin Maoine do 2007 de €41.5m (i gcomparáid le €38.2m do 2006 – méadu de 9%) rud ab ionann le breis ioncaim ar chaiteachas de €38.2m (i gcomparáid le €40.5m do 2006).

Den suim iomlán caiteachais de €41.5m, tuarastail agus ragobair ab ea €30.4m; arbh ionann é agus 73% den iomlán. I rith 2007, mhéadaigh an caiteachas ar thuarastail agus ragobair faoi €2.4m nó 9% thar 2006.

Bhí Iomlán Caiteachais Reatha de €37.9m ann in 2007 i gcomparáid le €35.1m do 2006 (méadú de €2.8m).

Bhí Caiteachais Caipitil de €3.6m ann in 2007 i gcomparáid le €3.1m do 2006 (laghdú de €0.5m).

Agus na costais seo a leanas san áireamh:

- €3m faoi Vóta 7 - Aoisliúntas agus Liúntais Scoir
- €4.7m faoi Vóta 10 - Oifig na nOibreacha Poiblí (€1.9m Reatha agus €2.8m Caipitil)
- Cíosanna nóiseanacha €4m ar mhaoin Stáit

méadaíonn an caiteachas iomlán in 2007 go dtí €53.2m rud a fhágann breis nóiseanach d'ioncam thar chaiteachas de €26.5m do 2007 (i gcomparáid le €29.5m do 2006).

Ciallaíonn an t-iomlán seo méadú €3m nó 10% ar 2006.

TUARASCÁIL AIRGEADAIS

Achoimre Airgeadais 10 mBliana ÚCM



Acht um Íoc Pras Cuntas 1997

Is é polasaí an Údaráis Chlárúcháin Maoine é géilleadh go iomlán do théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997. Tá próiseas curtha ann ag an ÚCM lena chinntiú go n-íoctar gach aon sonrasc laistigh den teorainn reachtúil ama. Cé gur dearadh na próisis le géilliúlacht don Acht a chinntiú, ní sholáthraíonn siad ach cinnteacht réasúnta nach ionann is amach is amach in aghaidh neamhghéilliúlacht ábhartha don Acht.

In 2007 thuill iomlán de 8 sonrasc pionóis um íocaíocht dhéanach. Bhí luach €88,606 san iomlán ar na sonraisc uile a íocadh déanach. Ionann seo agus 0.8% de na híocaíochtaí ar fad a thit laistigh de théarmaí na Rialachán. D'íocadh iomlán úis de €524.55 ar íocaíochtaí déanacha in 2007.

Rialachas

Is é polasaí an ÚCM é nach mór dea-rialachas, bunaithe ar chóras ceart bainistíochta agus rialaithe airgeadais, a bheith ina chuid dílis dár straitéis. Tá seo tábhachtach d'fhonn fíorú a dhéanamh ar ionchas na bpáirtithe leasmhara agus ag an am céanna cuntasacht a dheimhniú d'fháil agus do chaiteachas cistíochta poiblí.

I rith 2007 thug an ÚCM a chuid feidhmeanna i gcrích ar bhealach a léirigh caighdeáin chuí rialachais chorparáidigh, bainistíochta agus rialaithe airgeadais.

- Sholáthair Coiste Iniúchóireachta an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaigh agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascála sásúla.
- Ailíniodh torthaí caiteachais reatha agus caipitil le spriocanna agus próifíleanna bliantiúla
- Táirgeadh tuarascála bainistíochta tráthúla agus ábhartha a rinne eolasú ar dhéanamh cinntí
- Rianaíodh deimhniú ar na rialaithe caighdeáin sa Ráiteas ar rialú Airgeadais Inmheánaigh a greamaíodh den Chuntas Leithghabhála bliantúil.
- Glacadh beartais le bainistiú agus maolú a dhéanamh ar rioscaí – rinneadh athbhreithniú, measúnú agus nuashonrú ar an gClár Riosca ar bhonn rialta.

Mórthionscnaimh

Dílárú

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar fheidhmiúchán chlár díláraithe an ÚCM. Tá réamhsciar de 74 ball foirne lonnaithe in oifig shealadach i Ros Comáin agus tá an ÚCM go gníomhach ar thóir sannaithe foirne breise le céim seo an chláir dhíláraithe a chríochnú. Meastar go mbeidh an oifig shealadach lánáitithe, agus suas le 90 ball foirne ag seirbheáil i Ros Comáin faoi lár 2008.

Baineadh dhá mhórsprioc eile amach in 2007.

1. Sa Bhealtane, tosaíodh ar raon teoranta cás-phróiseála i Ros Comáin. Cuireadh leis seo i Meán Fómhair nuair a chumasaigh tabhairt isteach rathúil na mapála digití raon iomlán na gcás-próiseála a dhéanamh san oifig díláraithe. Tá oiliúint nuafhoirne ar siúl le tacaíocht ó oifigí Phort Láirge agus Bhaile Átha Cliath.

2. Fuarthas an suíomh don mbuanfhoirgneamh i Ros Comáin luath in 2007. D'eisigh Oifig na nOibreacha Poiblí cuirí chun tairiscinte ina dhiaidh sin agus cuireadh isteach moltaí ó na gnóthais a bhí curtha ar an ngearrliosta i Mí na Nollag. Thosaigh an próiseas leis an roghathairisicnt a roghnú ansin san OOP.

Lean an ÚCM ag comhoibriú le foireann a scaoileadh saor do chláir eile díláraithe.

An Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha

Ritheadh céimeanna uile an Bhille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha sa Seanad agus ritheadh an dara céim i nDáil Éireann. Ar an 6ú Samhain 2007, chuir an Dáil an Bille faoi bhráid an Roghachoiste Dlí agus Cirt, Comhionannais, Cosanta agus Cearta Ban. Déanann an Bille soláthar d'athchóiriú fairsing agus do nua-aoisiú ar an dlí talún agus tíolacais agus déanfaidh sé aisghairm ar bhreis is 150 reacht réamh-1922 agus cuirfidh forálacha atá níos oiriúnaí do chúinsí nua-aoiseacha ina n-áit.

Tá leasuithe chomh maith sa Bhille ar an Acht um Chlárú Teidil, 1964, rud a chuideoidh leis an Údarás ina chuid feidhmiúchán agus a dhéanfaidh áisiú ar r-Chlárúchán agus r-Thiolacas a thabhairt isteach.

Comhlíonadh Chlár na Talún

Is féidir fás leanúnach an Chláir a fheiceáil i líon iomlán na bhfóilió a bhí beo ag deireadh gach ceann de na 4 bliana seo caite:

2004	2005	2006	2007
1,647,679	1,716,662	1,770,233	1,808,552

Ar lorg na dtionscnamh a tógadh idir lámha in 2006, lean an tÚdarás go gníomhach ag plé ar na straitéisí agus na roghanna a bhí ar fáil do chomhlíonadh a mhandáid reachtúil le clárú teidil a fhadú. Ag éirí as an bplé sin meastar go dtosóidh clár eile leata ar Chéadchlárúchán in 2008.

Chomh maith leis sin, bhunaigh an tÚdarás Grúpa Oibre um Chéadchlárúchán Éigeantach (CÉ) a tháinig le chéile ar roinnt ócáidí i gcaitheamh na bliana. Rinneadh domhain phlé ar fhorbairt shamhlach CÉ bunaithe ar dheimhniú teidil ag aturnaetha.

I Mí na Nollag 2007, thug an tÚdarás faomhadh do dhréacht-doiciméadúchán, ag áireamh nuafhoirm mholta deimhniúcháin agus don phróiseas a cheadaíonn próiseas comhairliúcháin leis an Ollchumann Dlí le tosú go luath in 2008.

Déanadh athbhreithniú ar na hOrduithe Táillí reatha in 2007 le súil le spreagadh a dhéanamh ar chéadchlárúchán trí dheimhniúchán agus meastar go ndéanfar Orduithe Táillí nua in 2008.

r-Chlárúchán / r-Thiolacas

Ag teacht le polasaí an Rialtais forbairt a dhéanamh ar chóras r-Thíolacais, thionscain an ÚCM a Thionscadal r-Chlárúcháin féin in 2007 – ag tógáil ar a rath go dtí seo lena chuid seirbhísí ar-líne.

Bhí príomhfhócas an tionscadail in 2007 ar chomhairliúchán leis na custaiméirí agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Ag cuimhneamh air seo, tugadh cuireadh d'ionadaithe an Ollchumann Dlí, Comhairle Morgáiste na hÉireann agus na Coimisinéirí Ioncaim teacht ar Bhord an Tionscadail. Eisíodh cuirí chomh maith do na comhairlí

MÓRTHIONSCNAIMH

barra uile ag tairiscint seisiúin eolais a reáchtáil ina ndúichí féin. Reáchtáladh a leithéid de sheisiúin i gcomhar leis na Comhairlí Barra thar ceann an contaetha Cill Dara, Loch Garman, Ceatharlach, Cill Chainnigh, Gaillimh, Muigh Eo, an Mhí, an Longfoirt, Ros Comáin, an Iarmhí agus Uíbh Fhailí agus cuireadh fáilte croíúil rompu.

Tá sé i gceist gurb é a bheidh sa chéad chéim de r-Chlárúchán ná córas a thabhairt isteach le soláthar d'urscaoilte leictreonacha maidir le muirir chláraithe. Leanfar é seo le muirir agus aistrithe leictreonacha agus in éineacht leis an tionscadal r-Stampála atá á thógáil idir lámha ag na Coimisinéirí Ioncaim, beidh seo, go praiticiúil, ar an gcéad fheidhmiúchán ar an gclár r-Tiolacais in Éirinn. Ag an am seo tá beartaithe go ndéanfar beoú ar r-Urscaoilte go luath in 2009.

Margaret McGinley, Cathaoirleach An Post ag bronnadh stampa comórtha ar Catherine Treacy, le ceiliúradh a dhéanamh ar an Thrí Chéad Bliain Chlárlann na nGníomhas.

Treoracha Cleachtais

Leanadh isteach in 2007 den chlár le hathbhreithniú agus le nuashonrú a dhéanamh ar na Treoracha Cleachtais reatha (TCanna) a tosaíodh in 2005. Bunaíodh Grúpa Oibre ar na Dréachtrialacha agus ar na Treoracha Cleachtais in 2007 le luacháil agus faomhadh a dhéanamh ar na Tcanna athbhreithnithe nach bhfuil fós foilsithe. Foilsíodh TC nua ar Iontrála Tosaíochta in 2007. Tá obair idir lámha ar mhórán eile Treoracha Cleachtais atá le foilsiú i rith 2008.

Breacadh fógraí dlíthiúla oifige a eisíodh i rith 2007, a bhain le hathruithe i gcleachtas oifige, ar shuíomh gréasáin an Údaráis faoi Treoir Cleachtais 47.

Tugadh faoi mhórmhéid oibre i ndréachtadh tacair nua Rialacha maidir le Clárlann na nGníomhas. Déanfaidh na rialacha seo, a thiocfaidh i bhfeidhm in 2008, athrú ó bhonn ar an mbealach ina n-oibríonn an Chlárlann.

Déanadh rochtain ar Threoracha Cleachtais breis is 110,000 uair ar ár suíomh gréasáin i rith 2007, rud atá ina tháscaire soiléir ar thábhacht na hoibre seo.

Acmhainní Foirne

Déanadh bainistiú ar earcú nuafhoirne thar ceann an ÚCM tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. D'aistrigh foireann isteach san Údarás chomh maith de bhun chlár díláraithe an Rialtais.

Ar an 31ú Nollaig 2007 dob ann do:

- 770 duine, i 697.2 post dlíthiúil, riaracháin agus teicniúil agus
- 188 ball foirne (24% den bhfórsa oibre) ag baint leasa as roghanna postroinnte



I rith 2007:

- Bhain 51 ball foirne leas as am téarma agus d'earcaíodh 46 duine ar chonarthaí sealadacha leis na folúntais seo a chlúdach
- D'fhág 64 ball foirne an tÚdarás Clárúcháin Maoine in 2007 trí éirí as, dul ar scor, aistrithe agus sosa gairme.
- Tháinig 120 ball (17% de na poist údaraithe) ar bhuanfhoireann an Údaráis Chlárúcháin Maoine.

De bhrí go n-éilíonn obair an ÚCM ardleibhéal déine agus speisialtóireachta oiliúna, go háirithe sna luathchéimeanna tar éis sannaithe, ba ghá ionchur suntasach acmhainní leis an líon seo foirne a ionduchtú. Glacfaidh sé an áirithe sin ama sula bhfeicfear toradh na hiarrachta seo i leibhéil táirgíochta na nuafhoirne.

Lean na Clárlanna de raon solúbtha de shocruithe oibre a thairiscint on bhfoireann, ag áireamh fleisc-ama, postroinnt agus saoire le linn téarma.

(Féach Aguisín 5 ag deireadh na tuarascála seo d'uimhreacha comparáideacha foirne le blianta roimhe seo).

Comhpháirtíocht

Éilíonn Comhaontú Comhpháirtíochta 2000 go bhfeidhmeofaí Clár uaillmhianach Nua-aoisithe Seirbhíse Poiblí dírithe ar fheabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí agus le méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht ghníomhach na ndaoine a oibríonn laistigh den Seirbhís Phoiblí.

Tá cuspóirí an Chlár seo le baint amach i ngach roinn nó oifig trí Choiste Comhpháirtíochta a bhunú, comhdhéanta de bhainistíocht shinsearach, ionadaithe ceardchumann agus ionadaithe foirne.

Lean an coiste comhpháirtíochta laistigh den ÚCM, a bunaíodh faoi Chomhaontú Comhpháirtíochta 2000, ar ról riachtanach a chomhlíonadh i bhforbairt leanúnach tionscnamh éagsúla.

I rith 2007, ba shampla suntasach de seo an ról a bhí ag an gcoiste i dteacht ar chomhaontú le conradh a bhronnadh do ghabháil sonraí ar a raibh fágtha de na fóiliónna íomháithe atá idir lámha faoi láthair. Sampla eile ab ea comhtháthú a bhaint amach ar an gCóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (CBFF) lenár bpolasaithe agus lenár bpróisis AD.

Féach Aguisín 6 do bhaill an Choiste Comhpháirtíochta.

Trí chéad bliain Chlárlann na nGníomhas

I rith 2007 tugadh faoi raon de thionscnaimh le ceiliúradh Trí Chéad Bliain Chlárlann na nGníomhas. Chuimsigh sin:

- Féilire Trí Chéad
- DVD comórtha dar teideal " Ó Chleite go hAois Leictreonach"
- Foilsiú Stampa Trí Chéad ag an Post
- Gnéchlár ar leith ar na Clárlanna ar chlár Nationwide RTÉ
- Comhdháil idirnáisiúnta ar théama "Clárúchán an Domhain"

Comhdháil

Tionóladh an chomhdháil Clárúchán an Domhain, ar óstaíocht ag an ÚCM, i mBaile Átha Cliath ón 26ú go dtí an 28ú Meán Fómhair 2007. D'fhreastail breis is 200 toscaire thar ceann 52 dlínse éagsúla agus 11 eagraíocht ar an gcomhdháil. Tá na páipéir a cuireadh i láthair i rith na comhdhála foilsithe ar ár suíomh gréasáin www.prai.ie faoi Conference Papers.

Sa phictiúr ar shearmanas oscailte na comhdhála bhí (clé go deas) Christina von Schweinichen (UNECE), Brian Lenihan TD, Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Catherine Treacy, Príomhfheidhmeannach ÚCM.

D'eagraíodh an chomhdháil i gcomhar le Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe do Mheitheal Oibre na hEorpa ar Riarachán Talún. Dúirt roinnt díobh sin a bhí i láthair gurbh í an chomhdháil ba chuimsithí ar an réimse seo gníomhaíochta í ar a ndearna siad freastal riamh.

D'oscail an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUas. Brian Lenihan, TD an chomhdháil go foirmeálta agus, tar éis do Ms Christina von Schweinichen den UNECE agus an tUas. Peter Creuzer, Cathaoirleach an WPLA aithisc fhoirmeálta a thabhairt chuir Ms Catherine Treacy, Príomhfheidhmeannach an Údaráis Chlárúcháin Maoine fáilte go Baile Átha Cliath roimh na toscairí.

Thug an tUas. John Manthorpe, iar-Phríomhchláraitheoir Talún do Shasana agus don Bhreatain Bheag atá ina chomhairleach idirnáisiúnta talún anois, an spreagaitheasc. Shocraigh a óráid meon agus cuma na comhdhála agus bhí na páipéir, na léirithe agus na

TRÍ CHÉAD BLIAIN CHLÁRLANN NA NGNÍOMHAS

díospóireachtaí a tháinig ina diaidh ar chaighdeán fíorard. Bhí ardmheas orthu ag na toscairí agus ag mórán eile nach bhféadfadh a bheith i láthair, ach ar éirigh leo rochtain orthu ar-líne. Bhí an ócáid ina deis uathúil le faisnéis agus smaointe a mhalartú le hionadaithe ó ghrúpa leathan d'ionadaithe ó eagraíochtaí clárúcháin ó mhórán dlínsí.

An Príomhchainteoir John Manthorpe, Comhairleach Idirnáisiúnta Talún.

B'í an chomhdháil aibhsiú ceiliúrtha an Trí Chéad agus tionóladh dinnéar foirmeálta na comhdhála san Halla Mór san Ospidéal Ríoga i gCill Mhaighneáin. Chuir Ms Catherine Treacy fáilte foirmeálta roimh Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa agus i ndiaidh a haithisc rinne an tUas. Gerry McCaughey, Cathaoirleach an Údarás Clárúcháin Maoine, bronnadh. Chuidigh an sárláthair, freastal an Uachtaráin agus a haitheasc spreagthach in éineacht le mórócáid na gcéadta bliain a chruthú dóibh sin uile a bhí i láthair.

An tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa agus an Dr Máirtín Mac Giolla Íosa le Gerry McCaughey agus Catherine Treacy ón ÚCM ag dinnéar na Comhdhála um Chlárúchán an Domhain.

Naisc Idirnáisiúnta

Seirbhís Eolais Talún na hEorpa (EULIS)

Ghabh an tÚdarás Clárúcháin Maoine isteach in EULIS go foirmeálta ar an 21ú Samhain 2006. Is foraidhm do thionscadal EULIS taiscéalú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le soláthar rochtana ar fhaisnéis ar úinéireacht maoine trasteorainneacha, ag úsáid an idirlín mar mheán seachadta, agus ar an mbealach sin coinníollacha níos fearr a chothú d'iasachtaithe agus d'iasachtóirí atá ag feidhmiú laistigh de mhargadh creidmheasa na hEorpa.

Ar leibhéal na hEorpa tháinig an ÚCM chun a bheith ina sholáthróir gníomhach seirbhíse do EULIS i Mí na Nollag 2007. Tá rochtain ar EULIS ar fáil anois ar landdirect.ie agus is féidir lenár gcustaiméirí feidhm a bhaint as seirbhísí ar-líne atá ar tairiscint ag Clárlanna eile rannpháirteacha Eorpacha agus a mhalairt sin cruinn. Tá rochtain tugtha d'úsáideoirí gairmiúla uile landdirect.ie ar an tseirbhís seo.

Faoi láthair is iad na tíortha tá nasctha den seirbhís bheo ná Sasana agus an Bhreatain Bheag, Éire, an Liotuáin, An Ísiltír, An Ioruaidh agus an tSualainn.

Cumann Clárlanna Talún na hEorpa (ELRA)

Bunaíodh Cumann Clárlanna Talún na hEorpa (ELRA) in 2004 agus bhí Éire ar cheann de na baill bunaithe agus tá sé ag fás agus ag leathadh riamh ó shin.
Is príomhchuspóir ag an gcumann seo forbairt agus tuiscint ar ról chlárúcháin talún i margaí réadmhaoine agus caipitil. Soláthraíonn ELRA fóram úsáideach chomh maith do dhíospóireacht agus tá ról suntasach aige maidir leis na baill a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha ar leibhéal AE.

Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) - Meitheal Oibre ar Riarachán Talún (WPLA)

Bunaíodh Meitheal Oibre UNECE ar Riarachán Talún in 1999 d'fhonn riarachán talún a chur chun cinn trí dhaingneacht tionachta, fhorbairt a dhéanamh ar mhargaí réadmhaoine agus nua-aoisiú na gcóras clárúcháin i dtíortha ar stáid idirlinne.

Tá WPLA forbartha mar líonra éifeachtach ag oifigigh riaracháin talún san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Feidhmíonn sé trí shaineolaithe neamhspleácha a chur go tíortha ECE le comhairle a thabhairt ar pholasaí agus le moltaí a dhéanamh ar chlár náisiúnta ar fhorbairt ar mhargadh talún agus ar chlárúchán réadmhaoine.

Tionóladh an chomhdháil Clárúchán an Domhain a óstaíodh i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2007 faoi choimirce an WPLA.

Líonra Ceathairthaobhach na gCeithre Chlárlann

Le blianta anuas tionóladh cruinnithe ar bhonn bliantúil idir ionadaithe na gcomhlachtaí clárúcháin talún do Shasana agus an Bhreatain Bheag, Albain agus Tuaisceart Éireann agus an ÚCM le plé agus thaiscéaladh a dhéanamh ar raon de cheisteanna leasa coitinn. Déanann na ceithre chomhlacht óstaíocht ina dturas ar na cruinnithe agus rinne an ÚCM óstaíocht ar chruinniú i nDeireadh Fómhair 2007. Ó bunaíodh é tá an áirithe sin foghrúpaí curtha le chéile le dul i gcomhairle agus le tuairisciú ar raon topaic ag áireamh treochtaí agus gníomhaíocht ghnó, tiolacadh/clárúchán leictreonach, tagarmharcáil, aistrithe ciste, slándáil chóras agus forbairtí eile idirnáisiúnta.

Cairt do Chustaiméirí

Spriocanna um Sheachadadh Seirbhíse

Baineadh amach na spriocanna um sheachadadh seirbhísí do chóipeanna fóiliónna a iarradh trí landdirect.ie i gcaitheamh 2007 agus sáraíodh iad ar uaire .

Tá an sprioc ar eisiúint fóilióchóip/pleananna comhadaithe trí landdirect.ie socraithe ar 80% le heisiúint laistigh de 1 lá oibre. Cé gur baineadh amach an sprioc seo i mórán tréimhsí den bhliain, tharla tréimhsí eadrannacha nuair a sáraíodh an sprioc-fhráma ama beagán.

Níor baineadh amach go hiomlán an sprioc um sheachadadh seirbhísí do Chuardaigh Oifigiúla Mapa i rith 2007. Ar a shon sin, le tabhairt isteach leanúnach na Mapála Digití, tá feabhas suntasach ar na háiseanna cuardaigh mapa agus meastar go leanfaidh an feabhsú seo i rith 2008.

Sáraíodh an sprioc ar infhaighteacht uimhreacha tagartha do déileálacha a lóisteáladh tríd an bpost nó ag cuntair phoiblí i gcaitheamh 2007. Bhí uimhreacha tagartha déileála ar fáil trí landdirect.ie laistigh de 1.3 lá ó lóisteáil.

Baineadh amach na spriocanna uile um sheachadadh seirbhísí a leagadh amach i gCairt do Chustaiméirí Chlárlann na nGníomhas i rith 2007.

Rochtain ar Áiseanna

Tá suíomh gréasáin an Údaráis géilliúil anois do Leibhéal AA Géilliúlachta do Threoirlínte Rochtana ar Ábhar Gréasáin an W3C.

Seirbhís trí Ghaeilge

Foilsíodh Scéim Ghaeilge an ÚCM 2007-2010 in 2007 agus cuireadh timpeall é chuig na príomheagraíochtaí Gaeilge chomh maith lena chur ar fáil do chleachtóirí dlí ag seimineáir éagsúla a óstaíodh ar fud na tíre a eagraíodh i gcomhar leis na cumainn bharra áitiúla. Tá an scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin chomh maith.

Tá cúigear dár bhfoireann in ár n-oifig i bPort Láirge, ceathrar inár bhfoirgneamh i Sráid Seansaireachta agus beirt inár bhfoirgneamh i Sráid Nassau ar fáil le seirbhís i nGaeilge a sholáthar ag na cuntair phoiblí sna foirgintí sin.

Tá liosta d'ainmneacha teagmhála do bhaill na foirne Gaeilge tugtha do na foirne uile cuntair agus don fhoireann uile eile a dhéileálann go díreach leis an bpobal. Tá an liosta tugtha don bhfoireann a oibríonn an lasc-chlár agus tá sé ar fáil chomh maith ar an inlíon.

I rith 2007 leanamar de bheith ag cur a thuilleadh ábhair ar ár leathanach Gaeilge ar an suíomh gréasáin. Beidh ár ngréasán comhuaineach Gaeilge ag oibriú in 2008.

Scrúdan Seachtrach

Grúpa Deimhnithe Feidhmiúcháin

Lean an tÚdarás Clárúcháin Maoine air ag feidhmiú a chláir nua-aoisithe mar a sonraíodh i bPlean Gníomhaíochta I dTreo 2016 na heagraíochta. Ar na príomhréimsí ina ndearnadh dul chun cinn bhí seoladh na mapála digití, feidhmiúchán an tionscadail do chríochnú an chláir struchtúrtha, achtú na reachtaíochta thánaistí agus infhaighteacht EULIS do shuibscríobhaithe Éireannacha. Cuireadh dhá thuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid Ard-Rúnaí an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a d'fhíoraigh go raibh dul chun cinn sásúil bainte amach.



Ceisteanna Parlaiminte

- Fuarthas agus déileáladh le 680 r-phost trí reps@prai.ie in 2007. Seirbhís í seo a tugadh isteach in 2006 do na T.D-anna agus na Seanadóirí d'fhonn laghdú a dhéanamh ar an ngá le Ceisteanna Parlaiminte maidir le stádas reatha iarratas ar feitheamh agus le cuidiú le soláthar níos tráthúla a dhéanamh ar fhaisnéis. Tá laghdú an-shubstaintiúil tagtha ar líon na gCeisteanna Parlaiminte maidir le nithe a bhaineann le ÚCM ó tugadh isteach an tseirbhís seo.
- Cuireadh síos agus freagraíodh 25 Ceist Pharlaiminteach le baill den Oireachtas in 2007. Bhain 9 gcinn le hiarratais ar chlárúchán agus dob ann do 16 nár bhain le clárúchán
- Fuarthas agus déileáladh le 123 litir/ uiríoll ó TD-anna agus Seanadóirí i rith 2007.
- Fuarthas 13 litir ó Oifig an Ombudsman maidir le 5 gearán leis an Ombudsman.

Iarratais Saorála Faisnéise

Nuair a bunaíodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine (ÚCM) ar an 4ú Samhain 2006, tháinig Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas faoi rialú agus faoi bhainistíocht an ÚCM agus dílsíodh san Údarás na taifid uile a bhí i seilbh na gClárlanna. Le cuideachta a bheith faoi réir ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF) ní mór é a bheith sainliostáilte amhlaidh – déantar seo trí Ionstraim Reachtúil.

Tá socruithe idir lámha faoi láthair leis an ÚCM a chur ar an sceideal chun críche SF agus

SCRÚDAN SEACHTRACH

tá na Rialacháin chuí á ndréachtadh faoi láthair; tá sé i gceist iad a bheith á bhfeidhmiú go luath.

Ar a shon sin, toisc mórán de na taifid atá i seilbh an ÚCM a bheith ar fáil don phobal sa ghnáthshlí leanfaimid orainn ag déileáil le fiosruithe ón bpobal maidir le rochtain ar thaifid lasmuigh den reachtaíocht SF.

Próiseas Gearán

Ní bhfuarthas ach dhá ghearán foirmeálta i rith 2007 agus déileáladh leo faoi phróiseas um ghearáin an Údaráis.

Grúpa Fócais Custaiméara

Tháinig an fóram seo le chéile mórán uaire i rith 2007. Sholáthair na cruinnithe seo deis leanúnach do chomhairliúchán ar raon de cheisteanna agus do leathadh faisnéise ar aon athruithe a bhí á bpleanáil nó á dtabhairt isteach.

Cuarteoirí agus Seimineáir

Cuairteoirí ar na Clárlanna

Rinneadh óstaíocht ar raon de chuairteanna, ar an dá Chlárlann, ag daoine aonair agus ag grúpaí i rith 2007 agus déanadh áisiú ar chuairteoirí ó thíortha thar lear a fhreastail ar an gcomhdháil um Chlárúchán an Domhain le cuairt a thabhairt ar oifigí Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas.

Fran Leahy, Bainisteoir Acmhainní Daonna, ÚCM le baill de thoscaireacht na Síne go dtí Comhdháil um Chlárúchán an Domhain

Seimineáir

Réimse foráis gníomhaíochta le blianta beaga anuas is ea rannpháirtíocht foirne an Údaráis Chlárúcháin Maoine i seimineáir / comhdhála / cúrsaí traenála do ghrúpaí éagsúla. Bhí oifigigh ÚCM rannpháirteach agus rinne léiriúcháin ar éagsúlacht topaicí ag semineáir agus cúrsaí éagsúla traenála d'aturnaetha agus do chustaiméirí eile i gcaitheamh 2007. Chuimsigh sin:

- **An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006** –Ollchumann Dlí na hÉireann
- **Gnéithe de chéadchlárúchán** – Ollchumann Dlí na hÉireann
- **Mapáil Dhigiteach/landdirect.ie** – Scoileanna Dlí (Baile Átha Cliath agus Corcaigh), Institiúid Suirbhéirí na hÉireann, Comhdháil Suirbhéireachta Éireann, IRLOGI, Bord na Móna, LGCSB, Mic Léinn Dlí na Tríonóide, Cumainn Bharra i gCorcaigh, Loch Garman, Cill Chainnigh, Lártíre, Gaillimh, Muigh Eo, an Mhí
- **r-Chlárúchán agus r-Tíolacadh** – Scoileanna Dlí (Baile Átha Cliath agus Corcaigh), Tascfhórsa an Ollchumainn Dlí ar r-Thíolacadh, Coimisiún um Athchóiriú Dlí, Cumainn Bharra i gCill Dara, Loch Garman, Cill Chainnigh, Lártíre, Gaillimh, Muigh Eo, An Mhí, Ros Comáin, Comhdháil Bhliantiúil um Maoin agus Tíolacadh (Ollchumann Dlí), Comhairle Morgáiste na hÉireann
- **Cleachtas agus Nósanna Imeachta Chlárlann na Talún** – – CLT (Éire), Cumann Barra Chorcaí
- **An Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006** – Ollchumann Dlí na hÉireann

Dámhachtana

Tá a fheabhas a d'éirigh le hol-lSlánchóras Eolais um Chlárú Teidil (ITRIS) agus eilimint Mhapála Digití an chórais aitheanta ar ócáidí éagsúla go dtí seo. Le linn na tréimhse atá faoi chaibidil fuarthas na dámhachtana seo a leanas

Gerard McCaughey, Cathaoirleach an ÚCM agus Catherine Treacy, Príomhfheidhmeannach ag fáil an dámhachtana eRialtais ó Tom Kitt, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.

1. Fuair eilimint d'ITRIS, Córas na Mapála Digití, dámhachtain an Chumann Dámhachtana Faisnéise Tíreolaíochta don Nuálaíocht agus don Chleachtas is Fearr i Londain

2. I bhFeabhra 2007 roghnaíodh tionscadal na Mapála Digití mar An Cleachtas is Fearr i gcatagóir na 'gComhlacht Stáit' ag Dámhachtana r-Rialtais na hÉireann.

3. In Aibreán 2007 bhuaigh an tionscadal 'An Cleachtas is Fearr i gcatagóir "Rialtas go Gnó" don tionscadal mapála digití na Dámhachtana Laistigh den Rialtas. Dob é cuspóir na ndámhachtana seo ná aitheantas a thabhairt do "foirfeacht agus cruthaíocht i bhfeidhmiúchán tionscnamh teicneolaíochta cumarsáide ceannródaíochta ar fud na hearnála poiblí in Éirinn."

   Fuair an tionscadal dhá Dhámhachtain Fiúntais
   - i gcatagóir "An Tionscadal Comhpháirtíochta is Fearr" agus
   - i gcatagóir "Eagraíocht Nuálach na Bliana."

4. I Lúnasa 2007 roghnaíodh an ITRIS mar iomaitheoir sa chomórtas ceannais do Dhámhachtana r-Rialtais na hEorpa a d'eagraigh Coimisiún na hEorpa.

5. I nDeireadh Fómhair 2007 bhuaigh an tionscadal ITRIS an Dámhachtain BT Inspired Award i gcatagóir an Rialtais ag na Dámhachtana Ceannais Náisiúnta. Cruthaíodh na dámhachtana le haitheantas agus luach saothair a thabhairt d'eagraíochtaí a léirigh cruthúnas luacha gnó trí úsáid TFC.

6. I Mí na Samhna 2007 bronnadh "Lipéad Dea-Chleachtais" an AE ar an tionscadal as úsáid Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sa tseirbhís phoiblí.

Aguisín

Aguisín 1
Achoimre Airgeadais 1998 go 2007

	Ioncam €	Caiteachas €	Breis €
1998	26,318,600	22,715,105	3,603,495
1999	30,520,749	25,112,953	5,407,796
2000	43,241,436	27,101,290	16,140,146
2001	46,940,178	33,748,457	13,191,721
2002	46,756,661	37,926,803	8,829,858
2003	56,722,653	41,287,974	15,434,679
2004	64,069,840	42,903,579	21,166,261
2005	69,057,542	45,493,585	23,563,957
2006	78,756,868	49,276,688	29,480,180
2007	79,699,655	53,255,544	26,444,111

AGUISÍN

Aguisín 2

Sreabhadh Oibre Chlárlann na Talún – na Catagóirí Uile

Chun críche comparáide léiríonn an tábla seo na figiúir do 2007, 2006 agus 2005 ar an 31ú Nollaig.

Cineál Iarratais	Bliain	Iontógáil	Aschur	Cásanna faoi fhiosrú	Obair idir lámha
DÉILEÁLACHA	2007	260,180	217,954	31,921	182,624
	2006	242,476	220,072	35,617	139,029
	2005	211,167	221,815	37,282	115,493
SCRÚDÓIRÍ AGUS CÁSANNA AILT 49	2007	4,951	4,216	4,505	6,349
	2006	4,205	4,035	4,347	5,703
	2005	4,286	4,651	4,745	4,703
IARRATAIS BUNCHÍOSANNA	2007	1,746	1,914	897	338
	2006	1,576	1,585	965	441
	2005	1,543	1,213	966	727
CÁSANNA CHOIMISIÚN NA TALÚN	2007	120	510	736	4,179
	2006	464	1,385	878	3,812
	2005	263	676	853	4,733
PLEANANNA COMHADAITHE & CÓIPEANNA FÓILIÓNNA*	2007	201,475	200,523	N/A	5,846
	2006	219,477	217,126		4,894
	2005	221,333	222,410		2,543
FAOMHADH MAPA SCÉIME	2007	1,986	1,671	N/A	1,818
	2006	2,082	1,520		1,385
	2005	2,036	1,257		823
CÓIP IONSTRAIMÍ	2007	11,578	11,353	N/A	2,620
	2006	12,331	11,943		2,477
	2005	12,034	11,742		2,089
CUARDAIGH OIFIGIÚLA MAPA	2007	4,067	4,067	N/A	0
	2006	5,417	5,451		96
	2005	6,294	6,331		130

*Mar thoradh ar Chéim 1 dár dtionscadal Mapála Digití tá an laghdú ionchasach ar líon na n-iarratas ar Chóipeanna Deimhnithe d'Fhóiliónna agus de Phleananna Comhadaithe ag teacht chun cinn anois. Tá seo amhlaidh de thoradh infhaighteacht na faisnéise seo ar-líne. I rith 2007 go háirithe bhí méadú ar leibhéal na faisnéise mapabhunaithe a bhí ar fáil trí DmapS.

Aguisín 3
Iarratais Faighte

Is iad seo a leanas na leibhéil lóisteála/gníomhaíochta sna príomhchatagóirí dár gcuid oibre le trí bliana anuas.

	2007	2006	2005
Iarratais ar Chlárúchán*	264,747*	247,024	215,613
Pleananna Comhadaithe & Cóipeanna Deimhnithe Fóilióna	201,475	219,477	221,333
Cóip Deimhnithe Ionstraimí	11,578	12,331	12,034
Cuardaigh Oifigiúla Mapa	4,067	5,417	6,294
Scrúduithe Fóilió	805,757	743,536	712,652
Cuardaigh Ainm-threorach	225,388	228,919	207,689
Iomlán	**1,513,012**	**1,456,704**	**1,375,615**

*Cuimsíonn na figiúir ar "Iarratais" líon na ndéileálacha, iarratais faoi Alt 49, Céadchlárúcháin agus Sceidil Choimisiún Talún na hÉireann a lóisteáladh. D'fhéadfadh iarratas amháin scata clárúchán a ghiniúint.

Aguisín 4
Grounds Rents Activity

	Bliain	Iontógáil	Aschur
Cásanna Eadrána	2007	989	1062
	2006	749	866
	2005	666	479
Cásanna Toilithe	2007	757	798
	2006	826	718
	2005	878	734
Iomlán	**2007**	**1,746**	**1,914**
	2006	**1,575**	**1,584**
	2005	**1,544**	**1,213**

Aguisín 5
Acmhainní Foirne

	2005	2006	2007
Meán líon na bPost Údaraithe	661	653	688
Meán líon Post Líonta	641	631	670
Foireann ag fágáil	57	66	64
Foireann Sannaithe	28	88	120

Aguisín 6
Baill an Choiste Comhpháirtíochta i rith 2007.

Catherine Treacy, Príomhfheidhmeannach, Cathaoirleach
Shay Arthur, Ionadaí foirne
Paul Brent, Comhairleoir mapála,
Diarmuid Clancy, Leaschláraitheoir (Oibríochtaí)
Peter Byrne, FUGE
Seamus Cashman, PSEU
John Deeney, Leas-Chláraitheoir
Michael Edwards, Ionadaí Foirne
Patricia Grant, Ionadaí Foirne
Jackie Gray, Rúnaí
Karen Gray, Ionadaí Foirne
Nuala Keaveney, Ionadaí foirne
Fran Leahy, Bainisteoir um Acmhainní Daonna
Andrew Lyons, Ionadaí foirne
Greg McDermott, AHCPS
Celine McGann, Ionadaí foirne
John Murphy, Brainse Dlíthiúil IMPACT
Neil O'Hehir, Brainse Teicneolaíochta agus Suirbhéireachta IMPACT
John O'Sullivan, Bainisteoir um Chórais Fhaisnéise
John Power, CPSU
Michael Treacy, Bainisteoir um Sheirbhísí Corparáideacha

Aguisín 7
Coistí eile Inmheánacha

- An Coiste Stiúrtha um Chórais Faisnéise
- An Coiste Buiséide
- An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta
- Coiste na Smaointe
- An Coiste Traenála agus Forbartha

Coiste le hionadaíocht Inmheánach agus Seachtrach

- Coiste na Rialacha
- An Grúpa oibre ar Chéadchlárúchán Éigeantach
- An Grúpa Oibre ar na Rialacha agus na Treoracha Cleachtais
- An Grúpa Fócais Custaiméara
- An coiste Iniúchóireachta
- Bord an Tionscadail e-Chlárúcháin
- Bord Tionscadail na Mapála Digití

Grúpaí Trasranna

Lean an ÚCM ar a rannpháirtíocht agus chuidigh le raon de ghrúpaí ag déileáil le ceisteanna trasranna. Chuimsigh sin:

- Grúpa Maoirseachta An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- Grúpa na nArd-Rúnaithe agus na gCeannairí Oifigí
- Líonra Bainistíochta an Athraithe
- Líonra na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- Líonra na nOifigeach Pearsanra
- Líonra na Saorála Faisnéise
- Líonra Bainisteoirí na CE

Teagmhálacha

An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Bunaíodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine ar an 4 Samhain 2006. Na priomhfheidhmeanna atá ag an ÚCM ná bainistiú agus rialú a dhéanamh ar Chlárlann na Talún agus ar Chlárlann na nGníomhas.

Clárlann na Talún Tá ceithre chomhoifig in Ard-Oifig Chlárlann na Talún:

1: Sráid Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7, DX 228
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha an Chabháin, Dhún na nGall, Liatroma, Longfoirt, Lú, na Mí, Mhuineacháin, na hIarmhí.

2: Bloc 1, Urlár 1, Irish Life Centre, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, DX 232
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha Chill Dara, Chill Mantáin
- Bunchíosanna do na contaetha uile.

3: Foirgneamh Nassau , Lárionad Setanta, Sráid Nassau , Baile Átha Cliath 2, DX 227
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha an Chláir, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Ros Comáin, Shligigh.

4: Bóthar Chorcaí, Port Láirge, DX 44090
Fón: (051) 303 000 nó LoCall 1890 333 002
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha Cheatharlach, Chorcaí, Chiarraí, Chill Chainnigh, Laoise, Luimnigh, Uíbh Fhailí, Thiobraid Árann, Phort Láirge, Loch Garman.

Clárlann na nGníomhas
Déileáileann leis na Chontaetha uile
Seoladh: Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1, DX 199
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.00r.n.-4.30i.n.

Bunchíosanna
Déileálann leis na contaetha uile
Seoladh: Bloc 1, Urlár 1, Irish Life Centre, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, DX 232
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.

www.prai.ie

Fiosruithe as Gaeilge (na contaetha uile)
Fón: Locall 1890 333 004